CINNEADH (CBES) 2022/753 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Bealtaine 2022

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/938 mar thaca le próiseas tógála muiníne lena mbunófaí limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm núicléacha agus ó na hairm ollscriosta eile ar fad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Meitheamh 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/938 ([1]).

(2) Le Cinneadh (CBES) 2019/938 rinneadh foráil maidir le tréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de, ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoiniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.

(3) D'iarr an Comhpháirtí cur chun feidhme, Institiúid na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an Dí-armáil, go gcuirfí síneadh 12 mhí le tréimhse cur chun feidhme sin go dtí an 10 Iúil 2023, i bhfianaise na moille ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2019/938 i ngeall ar thionchar phaindéim COVID-19.

(4) Maidir le leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2019/938 go dtí an 10 Iúil 2023, níl aon impleacht aici sin a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais go dtí an 10 Iúil 2023.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/938 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh (CBES) 2019/938, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2):

"2. Rachaidh sé in éag an 10 Iúil 2023.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/938 ón gComhairle an 6 Meitheamh 2019 mar thaca le próiseas tógála muiníne lena mbunófaí limistéar sa Mheánoirthear a bheadh saor ó airm núicléacha agus ó na hairm ollscriosta eile ar fad (IO L 149, 7.6.2019, lch. 63).